MÍR 1:

Cúlra an phróisis Pleanála Teanga

1.1. An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (2007) agus An Straitéis 20 Bliain (2010)

Ba é ceann de phríomhthátail an mhórstaidéir *An Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al.) a foilsíodh sa bhliain 2007 ná go raibh an Ghaelainn tar éis cúlú léi chomh mór sin sna limistéir Ghaeltachta ar fud na tíre go raibh sí faoi mhórbhagairt agus i mórbhaol mar ghnáth-theanga chumarsáide sna pobail Ghaeltachta. An dá mhórdhúshlán atá i gceist: Níl an pobal teanga mór a dhóthain le cainteoirí dúchais a ghiniúint go dóthanach Níl ag éirí linn gréasáin úsáide, forbartha agus saibhrithe teanga a chothú.

Ag trácht dóibh ar a bhfuil i ndán do na pobail Ghaeltachta i bhfianaise a gcuid torthaí taighde, bhí an méid seo a leanas le rá ag na húdair (lch. 25):

> Is léir, mar sin, gurb é an cuspóir is cóir a bheith leis an bpleanáil teanga i limistéir Chatagóir A ná dlús na gcainteoirí Gaelainne a chosaint iontu agus tacaíocht a chur ar fáil a dhéanfaidh buanú ar úsáid na Gaelainne mar theanga theaghlaigh agus phobail iontu. Beidh cuspóir eile i gceist leis an bpleanáil teanga i limistéir Chatagóirí B agus C .i. na gréasáin aitheantais agus institiúideacha Gaelainne iontu a bhuanú agus a neartú. Ar ndóigh, agus an obair seo á déanamh, is é an príomhchuspóir a bheidh leis i ndeireadh an lae an chéad ghlúin eile agus na glúine tuismitheoirí óga Gaeltachta ina dhiaidh sin a spreagadh agus a chumasú lena gclann a thógáil le Gaelainn. Chuige sin, is gá breathnú ar na cúinsí a bhaineann le glúin reatha aos óg na Gaeltachta agus ar an acmhainn atá acu a leithéid a dhéanamh, féachaint an dtugann na cleachtais teanga atá acu faoi láthair léargas dúinn ar na cleachtais teanga is dóchúla a bheidh acu agus iad ina dtuismitheoirí óga amach anseo.

Dlús na gcainteoirí Gaelainne a chosaint d'fhonn an teanga a bhuanú agus gréasáin sna ceantair is láidre agus aitheantais institiúideacha a chothú chun cur le húsáid agus leathnú na teanga na príomhchuspóirí a bhí luaite leis an bpleanáil teanga. Táthar ag súil mar sin go gcothóidh feidhmiú an phlean teanga seo*, Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar* (PT LPTCH feasta) gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shaibhriú na teanga do na cainteoirí laethúla agus teaghlaigh Ghaelainne atá sa Limistéar Pleanála Teanga (LPT feasta).

D'fhoilsigh an Rialtas cáipéis nua an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* sa bhliain 2010. Ba í an aidhm a bhain leis an straitéis seo ná úsáid agus eolas ar an nGaelainn a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimnithe. Bhí sé ina dhlúthchuid de chomh maith go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith den dteanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise taighde an SCT a léirigh go raibh géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaelainne mar theanga phobail agus theaghlaigh (lch. 3). Bhí sé i gceist, mar sin, go ndéanfaí tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaelainne a thabharfadh aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaelainn mar theanga phobail agus theaghlaigh iontu (ibid.).

1.2. Acht na Gaeltachta, 2012

Achtaíodh Acht na Gaeltachta sa bhliain 2012 chun gnéithe den Straitéis 20 Bliain a chur i bhfeidhm. Ba é an t-Acht seo a thug bonn reachtúil don bplean teanga agus do phróiseas na pleanála teanga sa Ghaeltacht. Tugadh aitheantas do 26 Limistéar Pleanála Teanga chun bunús a chur faoi phróiseas na pleanála. Faoin Acht déanfar athshainiú ar theorainneacha na Gaeltachta den gcéad uair ó 1956 chun stádas Gaeltachta amach anseo a bhunú ar chritéir theangeolaíochta seachas ar chritéir tíreolaíochta.

Cuireadh cúram ar Údarás na Gaeltachta ceanneagraíocht a roghnú i ngach limistéar pleanála teanga chun plean a ullmhú arbh é ba chuspóir leis socrú a dhéanamh maidir le méadú ar úsáid na Gaelainne i saol teaghlaigh, oideachais, poiblí, sóisialta, áineasa agus tráchtála an limistéir (Acht na Gaeltachta 2012, Alt 7 (6)). Tugtar tréimhse dhá bhliain don gceanneagraíocht chun an plean a ullmhú agus cuirfear an Plean Teanga faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le faomhadh agus tugtar seacht mbliana don gceanneagraíocht leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm sa LPT ansin (2012: 11).

Mar chuid den bpróiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht de réir an Acht Gaeltachta 2012, ceapadh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne mar cheanneagraíocht freagrach as plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar. Bhíothas ag obair ar an bpleanáil teanga roimhe sin áfach[1].

1.3. Aidhm an Phlean Teanga

Ba í aidhm an Phlean Teanga do Ghaeltacht Chiarraí Thiar ná líon na gcainteoirí laethúla agus na nua-chainteoirí ann a mhéadú faoi 25% faoi 2030 ag teacht leis an Straitéis 20 Bliain. Aithníodh an gá a bhí le córas pleanála teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail ar fud na Gaeltachta agus tuigeadh gurbh é an próiseas pleanála teanga a thabharfadh tacaíocht ar bhealach córasach, comhtháite don Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh inti. Ciallaíonn sé seo go mbeadh gach eagraíocht, coiste agus institiúid ag feidhmiú chun príomhsprioc na pleanála teanga a bhaint amach: gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shaibhriú na teanga do na cainteoirí laethúla agus tacaíocht institiúideach a chur ar fáil dóibh. Féachadh chuige gach deis a thabhairt do na heagraíochtaí agus do na coistí pobail ról lárnach a bheith acu sa phróiseas pleanála teanga ar bhonn áitiúil i gcomhréir lena gcuid mianta agus a gcomhthéacs sainiúil féin.

[1] Feic cur síos ar an réamhobair a bhí déanta ar phróiseas na pleanála i nGaeltacht Chiarraí Theas i Mír 4 den bplean seo.